

NUASHONRÚ FMS

EAGRÁN BUNSCOILE

EAGRÁN 12 – Nollaig 2018

Leabú na FMS

Fáilte go heagrán a dó dhéag de Nuashonrú FMS, an e-fheasachán do bhunscoileanna. Tá a lán á chloisint againn maidir le dea-scéalta ó scoileanna faoin dul chun cinn atá á dhéanamh acu ar an FMS a leabú. Tá scoileanna tar éis glacadh go fonnmhar leis an deis a bheith gafa arís agus tá réimsí fócais bríocha aitheanta acu. Tá fianaise bailithe, anailís déanta agus pleanáil don fheabhsúchán tarlaíthe. Tá a lán scoileanna ag insint dúinn faoi na hathruithe atá á dhéanamh sa bhfoghlaim agus sa teagasc agus iad gafa leis an gcuid is tábhachtaí den phróiseas: *Gníomhú ar an bhFeabhsúchán*.

I mí na Samhna agus i mí na Nollag, chuireamar naoi gcinn de sheimineáir FMS ar fáil go réigiúnach do phríomhoidí bunscóile. Bhí na rannpháirtithe an-dearfach faoin deis a thug na himeachtaí dóibh machnamh a dhéanamh ar an tslí inar féidir *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016* a úsáid chun tacú leis an bpróiseas FMS, cleachtas a roinnt agus foghlaim ó cheannairí scoile eile. Tá súil againn roinnt seimineár eile a ofráil i dtéarma an earraigh – beidh na sonraí ar an [láithreán gréasáin FMS](#). Chuir cigirí tacaíocht ar fáil do scoileanna freisin le cuairteanna comhairleacha FMS. Sna cuairteanna seo bíonn cigire ag obair leis an bpríomhoide agus le baill eile den fhoireann cheannaireachta chun cuidiú leis an scoil lánleas a bhaint as an bpróiseas FMS. Leanfar ag ofráil na gcuariteanna seo in 2019. Chun a leithéid a fháil, ní gá ach ríomhphost a chur chuig info@schoolself-evaluation.ie.

Chun cuidiú linn a dheimhniú go leanfaidh úsáideacht agus ábharthacht na dtacaíochtaí atá á sholáthar, tá suirbhé FMS ar líne á reachtáil againn. Is mian linn cloisteáil ó phríomhoidí agus ó cheannairí scoile eile, ó mhúinteoirí, tuismitheoirí agus baill bhoird bhainistíochta faoin dul chun cinn atá á dhéanamh ag scoileanna. Suirbhé gairid atá ann agus beidh sé ar oscailt go dtí an Aoine 18 Eanáir – is féidir é a rochtain [anseo](#) nó ar leathanach tosaigh láithreán na FMS.

Ceann de bhunphrionsabail na FMS ná go gcruthaíonn sé deis do scoileanna díriú ar na réimsí tosaíochta acu féin. Ní hionann aon dá scoil, agus beidh tosaíochtaí éagsúla ag gach scoil ag pointí éagsúla. D'fhéadfadh gur ábhar ar leith a bheadh mar thosaíocht, nó ag amanna eile d'fhéadfadh gur gné den teagasc agus den fhoghlaim a bheadh i gceist. D'fhéadfadh go mbeadh tionscnamh nó straitéis náisiúnta mar thosaíocht ag scoil. Tá alt againn ar an bhfoghlaim dhigiteach a bhfuil mór-aird á dhíriú uirthi go náisiúnta, mar thoradh ar an Straitéis Dhigiteach. Breathnaítear san alt sin ar an tslí ina bhféadfaí é seo a léiriú mar thosaíocht náisiúnta san obair FMS a bhíonn idir lámha.

Táimid faoi chomaoin ag Áine Lynch ó Chomhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí (Bunleibhéal) agus ag Anna-Mai Rooney ón Lárionad Ceannaireachta Scoile agus IPPN as an dara halt a sholáthar dúinn – baineann sé seo le scoileanna páirtnéireachta. Fócas tráthúil é seo ar bhonnphrionsabal eile den FMS, páirtnéireacht agus athbhreithniú scoile uile. Déanann sé iniúchadh ar an ról gníomhach is féidir a bheith ag tuismitheoirí chun tacú leis an bpróiseas FMS.

An Chigireacht – An tAonad Tacaíochta agus Taighde don Mheastóireacht

Clár

An Foghlaim Dhigiteach agus próiseas na FMS

lch 2

Scoileanna Páirtnéireachta

lch 3

An Fhoghlaim Dhigiteach agus an próiseas FMS



Tuigimid go léir an ról tábhachtach is féidir a bheith ag na teicneolaíochtaí digiteacha sa phróiseas foghlama agus teagaisc. Baineann daltaí úsáid as an teicneolaíocht mar dhlúthchuid dá saol laethúil agus beidh teicneolaíochtaí mar chuid den saol ag foghlaimoirí an lae inniu ar bhealaí gur dócha nach féidir linn a shamhlú. Tá fianaise thaighdeach mhillteanach ann freisin a léiríonn gur féidir leis na teicneolaíochtaí digiteacha eispéaras níos doimhne, níos saibhre agus níos dúshlánaí a sholáthar d'fhoghlaimoirí. Eascraíonn ceisteanna faoin bhfoghlaim agus faoin teagasc agus éilítear athruithe inár gcleachtas ó thaobh leabú éifeachtach na foghlama digití mar chuid de na gnátheispéiris laethúla. Don fhoghlaim dhigiteach éifeachtach sna bunscoileanna bíonn ar dhaltaí teicneolaíochtaí a úsáid go gníomhach agus go comhoibríoch mar dhlúthchuid de na próisis foghlama agus measúnaithe.

Straitéis Dhigiteach agus Plean don Fhoghlaim Dhigiteach

Táthar tar éis an-fhócas a dhíriú ar an bhfoghlaim dhigiteach ag leibhéal an chórais in Éirinn, lena n-áirítear forbairt na [Straitéise Digití do Scoileanna 2015 – 2020](#). Rinne na hImlitreacha a lean uaidh sin ([0001/2017](#) agus [0011/2018](#)) maoiniú bliantúil a leithdháileadh ar scoileanna go dtí 2020 chun tacú leis an infheistíocht. Iarradh ar scoileanna pleanáil d'úsáid an infheistithe seo i bhfoirm plean don fhoghlaim dhigiteach. Tacóidh plean scoile don fhoghlaim dhigiteach an fhoghlaim dhigiteach a leabú agus cuideoidh sé eispéiris foghlama bríocha a sholáthar do na daltaí.

Rinneadh an phleanáil don fhoghlaim dhigiteach a ailíniú d'aon ghnó leis an bpróiseas FMS. Is í an FMS an próiseas atá socraithe do scoileanna don mhachnamh agus athbhreithniú agus chun athruithe a láimhseáil. Cuidíonn FMS breathnú conas mar atá ag éirí libh, cé na láidreachtaí agus na réimsí don fheabhsúchán atá agaibh agus conas mar is féidir an feabhsúchán seo a chur i gcrích. Is féidir úsáid a bhaint as an bpróiseas sé-chéim go díreach nuair a bhíonn sibh ag breathnú ar an bhfoghlaim dhigiteach agus nuair a bhíonn sibh ag ullmhú do phlean don fhoghlaim dhigiteach.

Ar cheann de thiomantais na Straitéise Digití do Scoileanna bhí creat a fhorbairt chun cailíocht agus dul chun cinn sa bhfoghlaim dhigiteach i gCóras na hÉireann a threorú. Tá an creat a d'eascair mar thoradh, an [Creat Foghlama Digití do Bhunscoileanna](#) (CFD) ailínithe go díreach leis na réimsí agus na caighdeáin mar atá in *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016*. Uirlis úsáideach í an CFD nuair a bhíonn sibh ag machnamh ar bhúr láidreachtaí, ar réimsí don fhorbairt agus ar ghníomhaíochtaí is féidir a chur i gcrích, go háirithe i réimse na foghlama digití. Tá mar bhuntáiste breise aici go mbaintear úsáid as an struchtúr agus an teanga atá in úsáid cheana in *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016*.

Naisc a chruthú idir FMS agus an fhoghlaim dhigiteach

Tá réimse fócais, nach í an fhoghlaim dhigiteach í, aitheanta ag a lán scoileanna don FMS. Seans, mar shampla, gur í an teanga ó bhéal chun tacú le forfheidhmiú Churaclam Teanga na Bunscoile atá aitheanta nó d'fhéadfadh gur socraíodh díriú ar ghné den OSPS nó go deimhin ar ghné den teagasc agus den fhoghlaim ar nós measúnú don fhoghlaim. Cé gur fíor a rá i gcásanna dá leithéid seo gur gá plean don fhoghlaim dhigiteach mar aon le gníomhphlean don FMS a bheith agaibh, is féidir le scoileanna a dheimhniú go mbíonn a lán forluí idir an dá phróiseas.

Mar shampla, má bhíonn sibh ag díriú ar an teanga ó bhéal don FMS, d'fhéadfaí breathnú ar an tslí ina bhféadfadh an fhoghlaim dhigiteach cuidiú leis na feabhsúcháin in eispéiris agus i dtorthaí na bhfoghlaimoirí sa teanga ó bhéal a bhfuil gá acu leo freisin. Ar an mbealach céanna, má bhíonn an measúnú don fhoghlaim aitheanta mar réimse fócais, d'fhéadfaí gníomhaíochtaí ar leith a aithint ina mbíonn na teicneolaíochtaí digiteacha in úsáid ag na foghlaimoirí chun seiceáil agus machnamh a dhéanamh ar a bhfoghlaim. Is féidir libh plé go cliste le bhúr réimse fócais FMS agus leis an riachtanas plean don fhoghlaim dhigiteach a bheith agaibh, trí shainghníomhaíochtaí ar leith a fhí isteach a fhreastalaíonn ar na tosaíochtaí atá agaibh don FMS agus don fhoghlaim dhigiteach araon.

An Fhoghlaim Dhigiteach mar réimse fócais don FMS

D'fhéadfadh go bhfuil bhúr scoil tar éis an fhoghlaim dhigiteach a aithint mar ghné den teagasc ar mhaith libh tosaíocht a thabhairt do ar fud an churaclaim agus b'fhéidir go bhfuil cinneadh déanta go mbeidh sé mar cheann de na réimsí fócais don phróiseas FMS. Beidh forluí go soiléir idir plean na foghlama digití agus plean feabhsúcháin na FMS i bhúr scoil agus, i ndáiríre, is féidir leis an dá phlean a bheith mar aon phlean amháin chun forfheidhmiú agus athbhreithniú a threorú ag céimeanna 5 agus 6 den phróiseas (*Plean Feabhsúcháin a Chur i bhFeidhm agus Monatóireacht ar Gníomhartha agus Meastóireacht ar Thionchar*).

Nuair a bhítear ag pleanáil don fheabhsúchán ar úsáid na foghlama digití sa chás seo, beidh sé tábhachtach pleanáil do ghníomhaíochtaí a bhfuil nasc acu le réimsí curaclaim ar leith agus le cineálacha foghlama ar leith. Beidh na gníomhaíochtaí á bhunú agaibh ar ghnéithe den fhoghlaim agus den churaclam is gá a fheabhsú agus a bheidh níos fearr mar thoradh ar eispéiris fócasaithe ar an bhfoghlaim dhigiteach a sholáthar agus gafacht agus dúshlán a bheith ag na foghlaimeoirí, agus cuidiú leo torthaí níos fearr a bhaint amach.

Scoileanna Páirtnéireachta

Áine Lynch, Stiúrthóir Chomhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí (Bunleibhéal)

Anna Mai Rooney, Ball de Bhord IPPN agus Leas-Stiúrthóir (Bunleibhéal) Lárionad Ceannaireachta Scoile



Tá Scoileanna Páirtnéireachta, comhthionscnamh de chuid Chomhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí Bunleibhéal (NPC), agus Líonra Príomhoidí na hÉireann (IPPN), ailínithe go maith leis an bPróiseas FMS, ag cinntiú bealach níos éifeachtaí le freastal ar riachtanais na ndaltaí i dtírdhreach oideachais na linne seo.

Tugann féinmheastóireacht scoile cumhacht do phobal scoile an dea-chleachtas a aithint agus a dhearbhu, agus réimsí a bhfuil feabhsúchán de dhíth orthu a aithint agus gníomhú ina leith. Baineann féinmheastóireacht scoile go príomha le scoileanna ag glacadh seilbh ar a bhforbairt agus feabhsúchán féin.

Deimhníonn an chéad ráiteas seo sna Treoirínte FMS (2016) na prionsabail atá mar bhonn leis an bPróiseas FMS. Ag eascairt as tréimhse machnaimh agus comhphlé, tá sé i gceist go n-aithneodh foireann na scoile na nithe a bhfuil ag éirí go maith leo, na nithe a fhéadfaí a fheabhsú, agus an tslí inar chóir an feabhsúchán seo a phleanáil, a chur i ngníomh agus meastóireacht a dhéanamh air. Go suntasach, bíonn an pobal uile freagrach le chéile, seachas na múinteoirí nó an fhoireann cheannasaíochtaí leo féin amháin. Leagtar béim den chineál céanna ar phobal na scoile in *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016*:

Cuideoidh an teanga choiteann a sholáthraíonn an creat le plé fiúntach idir múinteoirí, gairmeoirí oideachais, tuismitheoirí, daltaí, pobail scoile agus an pobal níos leithne faoin gcáilíocht inár scoileanna

Cé go bhfuil a lán dea-shamplaí den obair i bpáirt le chéile i scoileanna na hÉireann, is fíor a rá, mar chóras, go bhféadfaí forbairt a dhéanamh sa réimse seo. Tacaíonn *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016*, mar aon leis na treoirínte FMS agus an Imlitir ar Cheannaireacht agus Bainistíocht (0070/2018), le scoileanna fáiltiú roimh cur chuige oibre eile ar mhaithe le torthaí níos fearr a ghnóthú do dhaltaí, ina mbíonn athmhachnamh, plé, spriocanna a aithint agus athbhreithniú i bpáirt le chéile mar dhlúthchuid den obair laethúil.

Ar aon dul leis seo, is é an príomhchuspóir a bhaineann le *Scoil Pháirtnéireachta* na torthaí níos fearr a ghnóthú do dhaltaí, bainte amach ag pobal uile na scoile agus iad ag pleanáil agus ag obair i dteannta a chéile ar ghníomhaíochtaí a aontaítear. Tá coincheap na Scoileanna Páirtnéireachta bunaithe ar thaighde an Dochtúir Joyce Epstein, ó Ollscoil John Hopkins i Baltimore, Maryland. Mar aon le rannpháirtíocht tuismitheora a mhealladh, tugann an Dochtúir Epstein le fios gur í an chomhpháirtnéireacht go cothrom le tuismitheoirí, múinteoirí agus mórphobal na scoile *an eochair* chun na torthaí foghlama agus na heispéiris is fearr a sholáthar do na foghlaimeoirí.

Cad is brí le Scoil Pháirtnéireachta, agus conas mar a fheidhmíonn sí? Déanann scoil Pháirtnéireachta, ar dtús, Foireann Gníomhaíochta Páirtnéireachta (FGP) a earcú. Ar FGP bíonn múinteoirí, tuismitheoirí, foireann tacaíochta, leanaí agus baill de phobal na scoile, agus oibríonn na fhoireann seo le chéile chun cur leis an obair ar an bplean scoile. Go praiticiúil, déanann an fhoireann, i bpáirt leis an bpríomhoide, dhá sprioc acadúil, sprioc iompraíochta amháin, agus sprioc amháin a bhíonn dírithe ar fháilteacht bhreise sa scoil a fhorbairt. Bíonn na spriocanna acadúla bunaithe ar thosaíochtaí teagaisc agus foghlama na scoile. Bíonn baill na FGP ag machnamh i dteannta a chéile agus ag forbairt tacaíochtaí praiticiúla a bhíonn ailínithe go dlúth le hobair fhoireann teagaisc na scoile. Déanann a leithéid obair na múinteoirí a shaibhriú agus a shíneadh, agus cuidíonn sé le mórphobal na scoile a choimeád ar an eolas agus


a bheith páirteach i ngnóthú na spriocanna. Cuireann a leithéid dearcadh oibiachtúil ar fáil ó dhaoine sa phobal áitiúil, rud a thugann léargas éagsúl ar obair na scoile.

Cruthaíonn sé deis, ach go háirithe, chun éisteacht a thabhairt do ghuth an linbh. Deimhníonn na leanaí ar an FGP, ionadaithe ó ranganna éagsúla, go dtuigeann na daoine fásta a bhíonn páirteach dearcadh an linbh, rud a chuireann le hiarrachtaí an ghrúpa tacú le foghlaim na scoile. Tá an tsamhail do Scoileanna Páirtnéireachta réidh le bheith ailínithe le tosaíochtaí agus reachtaíocht a bheidh ag teacht isteach sa chóras, ina measc an Chairt Tuismithoirí agus Scoláirí. Má tá spéis agat tuilleadh eolais a fháil faoin tslí ina bhféadfadh na Scoileanna Páirtnéireachta feidhmiú i do scoil, déan teagmháil le do thoil le Comhordaitheoir na Scoileanna Páirtnéireachta, Liam McPherson, ar 01 8874478 nó ar ríomhphost ag psi@npc.ie.

Meabhrúcháin faoi Thacaíochtaí FMS

Bí ar an eolas faoi fhorbairtí a bhaineann le FMS tríd ár láithreán gréasáin agus ár láithreach ar na meáin shóisialta.

Clliceáil ar na hIacóin thíos chun an nasc ábhartha a rochtain nó chun clárú ar ár bhfothaí ar na meáin shóisialta.



Suirbhé ar FMS

Tá suirbhé FMS ar líne á reachtáil againn faoi láthair chun níos mó a fhoghlaim faoin tslí ina bhfuil próiseas na féinmheastóireachta scoile ag dul chun cinn i scoileanna. Tá spéis againn cloisteáil ó phríomhoidí agus ó cheannairí scoile eile, ó mhúinteoirí, tuismitheoirí agus baill bhoird bhainistíochta. Suirbhé gairid atá ann agus cuideoidh do fhreagairt linn a dheimhniú go mbíonn aon tacaíochtaí eile a chuirfear ar fáil don FMS ábhartha agus úsáideach. Is féidir é a rochtain ar leathanach tosaigh láithreán na FMS nó trí chliceáil ar an nasc thíos.

[SUIRBHÉ](#)